# Ceann na hOifige Bainistíochta Cláir – Conradh ar Théarma Seasta

Grád Phríomhoifigigh Cúnta

Seirbhísí Corparáideacha

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra




Lúnasa 2026

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról Cheann na hOifige Bainistíochta Cláir, Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an ar fud an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D’fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: earnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d’fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá ríméad orainn a bheith ag earcú do Cheann na hOifige um Bainistíocht Clár. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuideofar lenár spriocanna a chinntiú, i dtaobh thírdhreach na meán, go ndéanfar:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean

Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna



# Eolas Faoin Ról Seo

## Cuspóir an Róil

Agus é ag tuairisciú don Stiúrthóir um Athrú agus Feabhsú Gnó, tá Ceann na hOifige um Bainistíocht Clár freagrach as forbairt, tacaíocht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar phunann tionscadal An Choimisiúin. Mar eagraíocht réasúnta nua agus atá ag fás, tá Oifig Bainistíochta Clár tacaíochta bunaithe ag An Coimisiún chun rialachas, maoirseacht agus seachadadh a neartú ar fud a phunann oibre. Beidh Ceann na hOifige um Bainistíocht Clár i gceannas ar fhorbairt agus aibíocht leanúnach na feidhme Oifige um Bainistíocht Clár, ag cinntiú go bhfuil creataí bainistíochta cláir agus tionscadail, socruithe rialachais agus próisis tuairiscithe iomchuí leabaithe ar fud na heagraíochta. Is príomhthosaíocht don ról seo é cumas bainistíochta tionscadail a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

Agus é ag obair go dlúth le ceannairí sinsearacha, urraitheoirí tionscadail agus bainisteoirí tionscadail, cuirfidh Ceann na hOifige um Bainistíocht Clár treoir, dearbhú agus tacaíocht ar fáil chun cur i gcrích rathúil Chlár Oibre bliantúil na heagraíochta, agus príomhthionscnaimh eile, a éascú.

## Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Tá an fhoireann um Athruithe agus Feabhsú Gnó mar chuid den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Choimisiún na Meán, mar aon le Daoine & Forbairt Eagraíochtúil, Airgeadas & Soláthar, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Rialachas & Rúnaíocht. Cuimsíonn sainchúram na foirne um Athrú agus Feabhsú Gnó na hOifige um Bainistíocht Clár, bainistíocht athruithe eagraíochta agus feabhsú próisis.



Coimisiún na Meán

# Príomhfhreagrachtaí

- Forbairt, cur chun feidhme agus feabhsú leanúnach na hOifige um Bainistíocht Clár a stiúradh, lena n-áirithítear ailíniú le dea-chleachtas bainistíochta clár agus tionscadal.

- Pleanáil agus seachadadh Chlár Oibre bliantúil An Choimisiúin a chomhordú, ag obair go dlúth le hAirgeadas agus Stiúrthóirí ar fud na heagraíochta.
- Tacú le hurraitheoirí, bainisteoirí tionscadail agus bainisteoirí sinsearacha úsáid a bhaint as cuir chuige éifeachtacha maidir le bainistíocht clár agus tionscadal ar fud na heagraíochta.
- Creataí, caighdeáin, teimpléid agus próisis tuairiscithe na hOifige um Bainistíocht Clár a chothabháil agus a fheabhsú chun tacú le seachadadh comhsheasmhach agus éifeachtach.
- Cultúr de rialachas éifeachtach clár, comhoibriú agus feabhsú leanúnach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.
- Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir agus an tionscadail, agus tuarascálacha, anailís agus moltaí soiléire a sholáthar chun tacú leis an gcinnteoireacht.
- Tacú leis an Stiúrthóir tuarascálacha, faisnéisithe agus nuashonruithe a ullmhú don Choimisiún agus don bhainistíocht shinsearach maidir le stádas an chláir, rioscaí, fadhbanna, spleáchais agus feidhmíocht seachadta.
- Faireachán a dhéanamh ar spleáchais traschláir agus tacú le rioscaí agus saincheisteanna a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar sheachadadh a shainaithint, a ghéarú agus a mhaolú.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus do chláir chun tionchair ar athruithe eagraíochtúla a shainaithint agus gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe iomchuí a phleanáil
- Oiliúint, cóitseáil, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí tionscadail agus do bhaill foirne chun cumas bainistíochta clár agus tionscadal a neartú ar fud na heagraíochta.
- Páirt a ghlacadh i gcláir, i ngrúpaí oibre, nó i dtionscnaimh éifeachtachta eagraíochtúla, de réir mar is gá.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Eolas Fút

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanacha**

- Taithí cúig bliana ar a laghad ar bhainistíocht clár, tionscadal nó Oifig um Bainistíocht Clár.
- Cáilíocht aitheanta i mbainistiú tionscadal nó clár (e.g. PRINCE2, PMP, Agile).
- Taithí inléirithe ar phróisis rialachais, tuairiscithe agus bainistíochta clár a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Tuiscint láidir ar phrionsabail struchtúrtha bainistíochta clár agus tionscadal, ar mhodheolaíochtaí agus ar chineálacha cur chuige rialachais.
- Taithí ar thuarascálacha, anailísí agus ábhair faisnéise a ullmhú d’fhóraim bainistíochta sinsearaí agus rialachais.
- Taithí ar oiliúint, cóitseáil nó meantóireacht i mbainistiú tionscadal a fhorbairt, a sholáthar nó a fháil.
- Scileanna láidre anailíseacha agus réitigh fadhbanna, agus an cumas fadhbanna a aithint, meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise agus réitigh phraiticiúla a fhorbairt.
- Cumas cruthaithe oibriú i gcomhar ar fud na bhfoirne agus tacú le seachadadh trí thionchar seachas údarás díreach.
- Fianaise ar an gcumas oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil thapa, agus an cumas tosaíochtaí agus spriocdhátaí atá ag teacht chun cinn a bhainistiú.

**Critéir Inmhianaithe**

- Cáilíocht tríú leibhéal ag leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
- Taithí ar reachtaíocht nó ar bheartas na hÉireann nó an AE in earnáil na meán, san earnáil dhigiteach nó in earnáil na teicneolaíochta.
- Taithí ar mhodheolaíochtaí nó creataí bainistíochta athruithe.
- Taithí ag obair i dtimpeallachtaí rialála nó in eagraíochtaí san earnáil phoiblí.

# Príomhfhaisnéis

**Sochair, Pacáiste & Pá**

- Tairgtear an post seo ar bhonn conradh ar théarma seasta go dtí mí Mheán Fómhair 2028.
  Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin anseo le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar scála an Phríomhoifigigh Cúnta.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

**Ceanglas Saoránachta** Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe a bheith:
(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua nó
Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil cead stampa 4 nó cead Stampa 5 aige.
*Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stamp 4EUFAM tar éis Brexit inghlactha mar choibhéis Stampa 4
Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh tráth an iarratais.

# Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach an fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, do thaithí agus do luachanna riachtanais an phoist **tríd** an nasc **SEO**
- Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

  Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

Má tá ceisteanna agat a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

# Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár gceisteanna coitianta.

- Ceannaireacht
- Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

# Fógra Príobháideachais

Próiseálann Coimisiún na Meán (An Coimisiún, CnaM, sinne, ár) na sonraí pearsanta a eascraíonn as a fheachtas earcaíochta. Is é CnaM an Rialaitheoir Sonraí, agus is é CPL an Próiseálaí Sonraí a cheapann CnaM chun an próiseas earcaíochta a stiúradh. Is iad sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí - Oifigeach Cosanta Sonraí, Coimisiún na Meán 1 Foirgnimh Shelbourne, Bóthar Shelbourne, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

**Ríomhphost:** dpo@cnam.ie **Uimhir Teileafóin**: 01 963 7755

Déanfaidh CnaM na sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil chun críche athbhreithniú, breithniú agus roghnú na n-iarratas agus chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí. Féadfaidh ionadaithe CnaM a bheith ar fhaighteoirí tríú páirtí. Ní aistríonn CnaM sonraí pearsanta lasmuigh den AE ná den LEE.

D’fhéadfadh go n-áireofaí ar bhonn dlíthiúil CNAM chun na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

- Conradh - i gcás inar gá an phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí sula ndéantar conradh

agus/nó
- Toiliú - sa chás go bhfuil toiliú sainráite tugtha agat don phróiseáil (m.sh. socruithe réasúnta)

Stórálfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go slán. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 12 mhí ar a mhéad i gcás nach n-éireoidh le hiarratas.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon mhíchruinneas ina gcuid sonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh, scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh atá liostaithe thuas. Tá sé de cheart ag iarratasóirí, i gcás inarb iomchuí, a gcuid sonraí a scriosadh agus/nó srian a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá ár Ráiteas Cosanta Sonraí iomlán ar fáil anseo: https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais

# An Próiseas Roghnúcháin

**Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:**

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d'iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

**Dáta Deiridh: 3pm, an 20 Lúnasa 2026**




Public